



Ciorclán 0020/2020

Chuig:

Údaráis Bhainistíochta Bunscoileanna, Meánscoileanna, Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha agus Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna

Coróinvíreas (COVID-19)

Socruithe do Mhúinteoirí agus Cúntóirí Riachtanas Speisialta fostaithe i mbunscoileanna agus in iarbhunscoileanna aitheanta

Ordaíonn an tAire Oideachais agus Scileanna duit na socruithe speisialta a chur chun feidhme le freastal ar COVID-19 do mhúinteoirí agus do chúntóirí riachtanas speisialta (CRSanna) atá fostaithe i bpoist cheadaithe arna maoiniú ag airgead a sholáthraíonn an tOireachtas.

Tá na socruithe speisialta seo le cur chun feidhme ag gach fostóir le héifeacht láithreach agus ní mór do gach múinteoir agus CRS cloí leis na socruithe speisialta.

Forchoimeádann an Roinn an ceart na socruithe seo a athrú tráth ar bith chun comhairle nuashonraithe maidir le sláinte phoiblí ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte a léiriú.

Cinntigh go gcuirfear cóipeanna den Chiorclán seo ar fáil do gach ball den Bhord Bainistíochta/de na Boird Oideachais agus Oiliúna agus go gcuirfear a ábhar in iúl do na múinteoirí agus na CRSanna uile i d'fhostaíocht lena n-áirítear iad siúd atá ar chead neamhláithreachta.

Is féidir teacht ar an gCiorclán seo ar shuíomh gréasáin na Roinne ag www.education.gov.ie

Alfie Barrett
Príomhoifigeach
Rannán Téarmaí agus
Coinníollacha do Mhúinteoirí agus CRSanna

Padraig Maloney
Príomhoifigeach
An Rannóg Párolla

9^ú Márta, 2020

Sainmhínte

Chun críche an Chiorcláin seo, tá na téarmaí a leanas leis na bríonna a shanntar dóibh anseo mura léiríonn an comhthéacs a mhalairt.

Fostaí – is ionann sin agus múinteoirí cláraithe nó Cúntóirí Riachtanas Speisialta.

Fostóir is ea Bord Oideachais agus Oiliúna (BOO) do ghairmscoileanna/pobalscoileanna, pobalscoileanna náisiúnta agus Bord Bainistíochta/Bainisteoir i gcás bunscoileanna (seachas pobalscoileanna náisiúnta), meánscoileanna deonacha, pobalscoileanna agus scoileanna cuimsitheacha. Féadfaidh an Bord Oiliúna agus Oideachais nó an Bord Bainistíochta/Bainisteoir freagracht a tharmligean mar is cuí as ábhair atá leagtha amach sa Chiorclán seo.

BOO – seasann sé sin don Bhord Oideachais agus Oiliúna.

RGCS - seasann sé sin don Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) (Rialachán (AE) 2016/679).

FSS – seasann sin d'Fheidhmeannas na Seirbhíse Sláinte.

Córas Éilimh Ar Líne (CÉAL) is ea an córas chun neamhláithreachtaí a thaifeadadh agus ionadú a éileamh, córas atá ag feidhmiú faoi láthair i mbunscoileanna, meánscoileanna deonacha, pobalscoileanna agus scoileanna cuimsitheacha.

Pámháistir – is ea an duine/an eagraíocht atá i gceannas ar thuarastail a íoc. An Roinn Oideachais agus Scileanna i gcás bunscoileanna, meánscoileanna deonacha, pobalscoileanna agus scoileanna cuimsitheacha agus na Boird Oideachais agus Oiliúna i gcás gairmscoileanna/coláistí pobail.

Féin-aonrú – tagraíonn sé sin d'fhostaithe a moltar dóibh ó thaobh leighis de/a mholann FSS dóibh srian a chur ar a gcuid gluaiseachtaí. Beidh deimhniú ag teastáil i ngach cás.

CRS – seasann sé sin do Chúntóirí Riachtanas Speisialta.

An Roinn is ionann sin agus An Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS).

1. Réamhrá

- 1.1 Is víreas é Coróinvíreas (COVID-19) a d'fhéadfadh a bheith ina chúis breoiteachta a théann i bhfeidhm ar na scamhóga agus ar na haerchonairí.
- 1.2 Tá oibleagáidí ar an bhfostóir faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 sábháilteacht agus leas na foirne ag an obair a chinntiú.
- 1.3 Ba cheart d'fhostóirí agus d'fhostaithe an treoir atá leagtha amach ag FSS agus/nó a ndochtúir a leanúint.

2. Cuspóir an Chiorcláin seo

- 2.1 Is é aidhm an Chiorcláin seo comhairle a thabhairt d'fhostóirí faoi na socruithe d'fhostaithe a bhfuil COVID-19 orthu nó iad siúd nach bhfuil an víreas orthu ach ar tugadh comhairle dóibh iad féin a aonrú chun scaipeadh an víris a chosc.

3. Saoire Speisialta

- 3.1 Faoin gCiorclán seo, féadfaidh fostóir saoire speisialta le pá a dheonú d'fhostaí sa chás go soláthraítear deimhniú cuí míochaine nó FSS maidir le diagnóis COVID-19 nó moladh chun féin-aonraithe, de réir Threoirí FSS.
- 3.2 Íocfaidh an Pámháistir as ionadaíocht ar laethanta den sórt sin.
- 3.3 Ní áireofar aon saoire speisialta le pá a dheonaítear chun féin-aonraithe nó chun COVID-19 a dhiagnóisiú mar chuid de thairneadh Saoire Bhreoiteachta an fhostaí. Beidh feidhm ag an tsaoire speisialta le teidlíocht pá maidir leis an líon laethanta a dtugann FSS/an dochtúir comhairle dóibh.

4. Féin-Aonrú

- 4.1 Leagann FSS amach na critéir maidir le féin-aonrú ag:- <https://www2.hse.ie/conditions/coronavirus/self-isolation-and-limited-social-interaction.html>.
- 4.2 Is é comhairle reatha FSS ná go bhféadfaidh 14 lá a bheith ann ó nochtadh do COVID-19 chun na hairíonna a bheith le feiceáil.
- 4.3 Sa chás gur comhairle leighis é gur cheart don fhostaí nach bhfuil tinn é nó féin a aonrú, ba cheart don fhostóir machnamh a dhéanamh ar sholúbthacht maidir le socruithe oibre malartacha, má chuireann sé sin ar chumas an fhostaí leanúint ar aghaidh ag obair e.g. é nó í a spreagadh chun a bheith ag obair ón mbaile, i gcás inar féidir. Nuair nach bhfuil socruithe oibre malartacha indéanta, féadfaidh an fhostóir saoire speisialta le pá a dheonú.
- 4.4 Sa chás go bhfuil an fostaí ar saoire speisialta cheana féin le pá mar gheall ar fhéin-aonrú agus ina dhiaidh sin tolgann sé nó sí COVID-19, ansin féadfaidh an tsaoire speisialta le pá leanúint ar aghaidh ar feadh thréimhse na breoiteachta, faoi réir deimhniú leighis a sholáthar don fhostóir.
- 4.5 Amhail na prionsabail ghinearálta a bhaineann le bainistíocht Saoire Bhreoiteachta, ní mór don fhostaí teagmháil a dhéanamh leis an bhfostóir i gcás ina bhfuil feidhm ag aon cheann de na cúinsí thuas. Chomh maith leis sin, ba cheart go mbeadh teagmháil chuí idir an fhostóir agus an fostaí le linn na tréimhse saoire speisialta le pá.

- 4.6 Nuair a bheidh an tréimhse féin-aonraithe atá molta caite, ba cheart comhairle leighis agus Treoirínte FSS a leanúint maidir le filleadh ar an obair.

5. Gnáth-Shaoire Bhreiteachta

- 5.1 Faoi théarmaí agus coinníollacha na Scéime um Shaoire Bhreiteachta, ba cheart don fhostóir gnáth-bhreiteacht e.g. breiteacht riospráide víreasach a thairfeadh ar an gcóras Éileamh Ar Líne/BOO. Má dhéantar an fostaí a dhiagnóisiú ina dhiaidh sin le COVID-19, is féidir an tsaoire speisialta le pá a chur i bhfeidhm go cúlghabhálach in ionad Saoire Bhreiteachta.

6. Dúnadh na Scoile

- 6.1 Má dhúntar scoil de dheasca Covid-19, ar chomhairle FSS, leanfaidh an Pámháistir de bheith ag íoc na bhfostaithe.

7. Nósanna Imeachta Iarratais

- 7.1 Ionas go ndéanfaidh an Roinn/BOO an tsaoire speisialta cheadaithe le pá a thairfeadh agus an t-ionadaí a íoc, ní mór don fhostóir an neamhláithreach a chur in iúl don Roinn a luaithe is féidir. Maidir le fostaithe atá á n-íoc ag an Roinn, ba cheart na sonraí ábhartha a sheoladh trí r-phost chuig an seoladh ríomhphoist tiomnaithe: covid19@education.gov.ie

8. Cosaint Sonraí

- 8.1 Ní mór don fhostóir gach doiciméad a bhaineann le saoire speisialta le pá a choinneáil leis na taifid phearsana ábhartha ar bhealach sábháilte agus ar aon dul le beartas cosanta sonraí an fhostóra agus le rialacháin um chosaint sonraí.
- 8.2 Is é an fáth ar gá don Roinn na sonraí pearsanta a éileamh, an tsaoire speisialta le pá a phróiseáil. Tá sonraí iomlána faoi Bheartas Cosanta Sonraí na Roinne ina leagtar amach an chaoi a n-úsáidfeadh sonraí pearsanta lena n-áirítear faisnéis maidir le cearta mar ábhar sonraí ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne. Tá sonraí an bheartais sin ar fáil i gcóip chrua freisin ach í a iarraidh.
- 8.3 Chun críocha na saoire speisialta le pá a phróiseáil, bheadh feidhm ag Airteagal 6(1) c) i gcomhar le hAirteagal 9(2)(b) maidir le sonraí de chatagóir speisialta (lena n-áirítear sonraí sláinte) den RGCS. Ina theannta sin, ceadáítear le hAirteagal 9(2)(g) den RGCS sonraí catagóir speisialta (lena n-áirítear sonraí sláinte) a phróiseáil ar mhórchúiseanna a bhaineann le leas an phobail.